Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdu na hArdteistiméireachta 2021

# An Pholaitíocht agus an tSochaí – Gnáthleibhéal

Dé Máirt, 29 Meitheamh - Maidin 9:30–12:00

350 marc

| Scrúduimhir | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

Stampa an Ionaid

| | Marc | |
|---|---|---|
| | Scrúd | Scrúd. Comh |
| **1.** Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh | | |
| **2.** Móriomlán na gceisteanna dícheadaíodh | | |
| **An marc a bronnadh (1 lúide 2)** | | |

| | Ceist | Marc | |
|---|---|---|---|
| | | Scrúdaitheoir | Scrúd. Comh |
| **Roinn 1** | **C. 1** | | |
| **Roinn 2** | **C. 2** | | |
| | **C. 3** | | |
| | **C.4** | | |
| **Roinn 3** | **C. 5** | | |
| | **C. 6** | | |
| | **C. 7** | | |
| | **C. 8** | | |
| | **C. 9** | | |
| | **C. 10** | | |
| **Iomlán (Páipéar)** | | | |

| | Marc | |
|---|---|---|
| | Scrúd | Scrúd. Comh |
| An Scrúdpháipéar | | |
| Bonas don Ghaeilge | | |
| Móriomlán (Páipéar) | | |
| Tuairisc ar Thionscadal Saoránachta | | |
| **An marc iomlán a bronnadh** | | |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha d'Iarrthóirí

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo. Freagair **gach** roinn.

Roinn A – Ceisteanna Gearrfhreagra
Freagair **deich** gceist as 20 cheist 100 marc

Roinn B – Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí
Freagair **gach** ceist 150 marc

Roinn C – Aistí Dioscúrsacha
Freagair **dhá** ceist. 100 marc

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

| **Roinn A** | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist 1** | | **Scrúd.** | **Scrúd. Comh.** | | **Scrúd.** | **Scrúd. Comh.** | | **Scrúd.** | **Scrúd. Comh.** |
| | **(a)** | | | **(h)** | | | **(o)** | | |
| | **(b)** | | | **(i)** | | | **(p)** | | |
| | **(c)** | | | **(j)** | | | **(q)** | | |
| | **(d)** | | | **(k)** | | | **(r)** | | |
| | **(e)** | | | **(l)** | | | **(s)** | | |
| | **(f)** | | | **(m)** | | | **(t)** | | |
| | **(g)** | | | **(n)** | | | | | |


| | **Scrúdaitheoir** | **Scrúd. Comh** |
|---|---|---|
| **Marc carnach** | | |
| **Móriomlán na gceisteanna dícheadaíodh** | | |
| **An marc iomlán a bronnadh** | | |

## Roinn A — Ceisteanna Gearrfhreagra — 100 marc

Freagair **deich** gcinn de na míreanna seo a leanas: **(a), (b), (c)…** Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**(a)** Ainmnigh **dhá** roinn rialtais i Rialtas na hÉireann. Ainmnigh an tAire atá i gceannas ar cheann amháin de na ranna rialtais sin.

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** straitéis chun rannpháirtíocht na mban sa saol polaitiúil a mhéadú.



https://twitter.com/UN_Women/status/

**(c)** Mínigh ceann **amháin** de na trí théarma seo a leanas:

* Caipitleachas
* Aicme shóisialta
* Patrarcacht

**(d)** Mínigh an teoiric rialtais san íomhá seo. Ainmnigh an smaointeoir a luaitear leis an teoiric sin.




https://twitter.com/aeonmag/status/1042624530424971266/photo/1

**(e)** Mínigh an difríocht idir 'tuairim' agus 'fíric'.

**(f)** Mínigh an ról agus an fheidhm atá ag ceann **amháin** díobh seo a leanas:

- An Státseirbhís
- Eagraíochtaí neamhrialtasacha
- Comhlachtaí reachtúla

**(g)** Mínigh an cuspóir atá le Clár an Rialtais.

**(h)** Ag féachaint ar na sonraí ón suirbhé *Growing up in Ireland*, cén chonclúid a bhainfeá as maidir le muinín daoine óga idir 17-18 mbliana d'aois as polaiteoirí? Tabhair fáth le do fhreagra.

"Tá an-chuid muiníne nó roinnt mhaith muiníne agam as..."

... na Gardaí - **74%**
... an gcóras oideachais - **68%**
... an gcóras sláinte - **66%**
... as an gcóras leasa shóisialaigh - **53%**
... 'an Eaglais' - **29%**
... polaiteoirí - **13%**

www.growingup.ie/pubs/main-infographic-summary-lives-of-17-18-year-olds.pdf

**(i)** Déan cur síos ar **dhá** chonradh nó choinbhinsiún éagsúla um chearta an duine.

**(j)** Mínigh **dhá** bhealach inar féidir le daoine óga a sheiceáil cé acu atá foinse eolais bailí.

**(k)** Tabhair sampla **amháin** de straitéis a d'fhéadfaí a úsáid nuair atáthar ag déileáil le coimhlint i ngrúpaí beaga.

**(l)** Scríobh amach i mBéarla nó i nGaeilge ina n-iomláine **cúig** cinn de na hacrainmneacha seo a leanas:

- CNACL (*UNCRC* i mBéarla)
- AE (*EU* i mBéarla)
- CÉCDC (*IHREC* i mBéarla)
- CAI (*IMF* i mBéarla)
- NA (*UN* i mBéarla)
- DUCD (*UDHR* i mBéarla)
- EDS (*WHO* i mBéarla)
- CECD (*ECHR* i mBéarla)
- EDT (*WTO* i mBéarla)

| |
|---|
| 1 |
| 2 |
| 3 |
| 4 |
| 5 |

**(m)** Déan cur síos ar an méid a insíonn an staitistic seo dúinn faoi stádas na mban san Afraic.





https://oxfamilibrary.openrepository.com/bitstream/handle/10546/620928/bp-time-to-care-inequality-200120-en.pdf

**(n)** Déan cur síos ar an ról atá ag Coimisinéir de chuid an Aontais Eorpaigh (AE).

**(o)** Ainmnigh **dhá** thuairim pholaitiúla a luaitear le dearcadh de chuid na heite deise.

**(p)** Mínigh an difríocht idir idirdhealú díreach agus idirdhealú indíreach.

**(q)** Scrúdaigh na sonraí thíos ón bPríomh-Oifig Staidrimh ar thuairimí daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn maidir le srianta Leibhéal 5 le haghaidh COVID 19 a bhainistiú, agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh:




**(i)** Cad a mheasann tromlach na ndaoine a thug freagra ar an suirbhé seo faoi shrianta Leibhéal 5?

**(ii)** Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le suirbhé a dhéanamh ar thuairimí daoine.

**(iii)** Tabhair **dhá** bharúil faoi chur i láthair na sonraí sa ghrafaic sin.

**(r)** Tagraítear do chomhairliúchán fiúntach sna samhlacha rannpháirtíochta i gcomhair daoine óga a ghlacann páirt i bpróisis chinnteoireachta. Cén tuiscint atá agat ar cad is brí le comhairliúchán fiúntach?

**(s)**



https://twitter.com/UNICEF

Tabhair **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach go dtabharfaí éisteacht dá bhfuil le rá ag leanaí.

**(t)** Déan cur síos ar **dhá** ghníomh a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh agus a chuirfeadh leis an bhforbairt inbhuanaithe.

| Roinn B | Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí | 150 marc |
|---|---|---|

**DOICIMÉAD A: Sliocht as: Agallamh le Eileen Flynn, Gníomhaí ar son Cearta Daoine den Lucht Siúil / An Chéad Duine den Lucht Siúil a toghadh chuig an Seanad, 14 Iúil 2020.**




Rinne Eileen Flynn éacht nach ndearnadh ariamh nuair a bhí sí ar an gcéad duine den Lucht Siúil a ghlac suíochán sa Seanad i mí an Mheithimh 2020. Thóg sé tamall maith uirthi an áit a raibh sí ag iarraidh a dhul a bhaint amach.



www.bbc.com/news/world-europe-53212504

Ar sise "Rugadh agus tógadh ar láithreán stad mé i bPáirc Labre [Baile Formaid, Baile Átha Cliath] agus domsa, mar dhuine den Lucht Siúil, bhíodh constaicí romham i gcónaí i bhfoirm idirdhealaithe dírithe ar phobal an Lucht Siúil.

Nuair is duine thú atá ag maireachtáil ar imeall na sochaí, tá sé an-deacair do mhianta a bhaint amach. Ba mise an duine óg corrach sin ar scoil. Cuireadh ar fionraí ocht n-uaire mé, ach d'athraigh rud éigin i mo shaol nuair a bhí mé 16 nó 17 mbliana d'aois – theastaigh oideachas uaim. Chuaigh mé ar ais ar scoil agus chríochnaigh mé an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus ansin rinne mé Cúrsa Rochtana i gColáiste na Tríonóide. Chuaigh mé chuig Coláiste Bhaile Formaid ar feadh dhá bhliain ina dhiaidh sin agus bhain mé an-taitneamh go deo as. Rinne mé cúrsa i réamhaltranas agus cúram daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu. Ansin, thóg mé bliain amach mar bhí m'athair ag fáil bháis, ach nuair a bhí mé cúig bliana is fiche d'aois chuaigh mé go hOllscoil Mhá Nuad mar mhac léinn lánfhásta, áit ar bhain mé céim BA amach sa Staidéar Pobail agus Óige, agus tá mé an-bhródúil as sin.

Is rud amháin é a bheith i do dhuine den Lucht Siúil, ach nuair is bean thú cuireann an tsochaí ciseal breise leatroim anuas ort. Breis agus fiche bliain ó shin, is cuimhin liom agus mé i mo leanbh i siopa agus iontas orm ag fiafraí díom féin cén fáth a raibh daoine ag stánadh orm féin nó ar mo mháthair? Cén fáth a raibh siad ag féachaint orainne ar bhealach éagsúil?

Ceapaim go bhfuil gá againn in Éirinn le Reachtaíocht ar fónamh maidir le Coireacht Fuatha. Táim ag tosú ar mo thríú seachtain i mo ról mar Sheanadóir agus cheana féin tá an cheist á scrúdú agam. Ceapaim go dteastaíonn go gcloisfí guthanna éagsúla. Ní pobal amháin a bheidh i gceist, ach mórán pobal. Táimid ag iarraidh comhionannas a bhaint amach don Lucht Siúil, do lucht LGBTQI+, do dhaoine Trasinscneacha… Baineann sé le cluas éisteachta a thabhairt, agus i ndiaidh duit éisteacht, féadfaidh tú gníomhú.

Ba bhreá liom dá rithfí an Bille um Chultúr agus Stair an Lucht Siúil san Oideachas, píosa reachtaíochta a bhfuil tús curtha ag Collette Kelleher leis cheana féin. Chuirfeadh sé sin cultúr agus stair an lucht siúil ar churaclam na scoile. Ba bhreá liom freisin roinnt oibre a dhéanamh maidir le cóiríocht don Lucht Siúil.

Maidir liomsa, ba mise an duine óg as Páirc Labre agus an bhean óg den Lucht Siúil nár shíl fiú roinnt de mo theaghlach féin go mbainfinn aon rud amach mar gheall ar easpa fostaíochta agus deiseanna don lucht siúil. Deireadh Bernadette Devlin "Tagaimid ar an saol i ndomhan atá éagórach ach níl sé i gceist go bhfásfaimis aníos ann." Mar sin, nuair a bheidh mo leanbh féin ina cailín óg, tá súil agam nach mbeidh uirthi fás aníos sa domhan inar fhás mise aníos."

**Foinse**: www.herstory.ie/modern/2020/7/20/eileen-flynn?s=09 (Curtha in oiriúint)

**Doiciméad B: Tuarascáil ó Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid – *An Lucht Siúil, I dtreo Éire Níos Cothroime Tar Éis Aitheantas a Fháil*, Eanáir 2020.** (Sliocht)




Ba lá stairiúil é an 1 Márta 2017 do shochaí na hÉireann agus don Lucht Siúil in Éirinn. Ba ar an lá sin a thug an Stát aitheantas foirmiúil d'eitneacht na ndaoine den Lucht Siúil in Éirinn, rud a chuir tús le ré nua tuisceana idir an Lucht Siúil agus sochaí na hÉireann i gcoitinne.

Luadh na príomhstaitisticí thíos sna haighneachtaí agus sna cuir i láthair os comhair Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid, coiste a raibh sé mar ról aige scrúdú a dhéanamh ar thograí chun tacú le comhionannas iomlán don Lucht Siúil agus moltaí a dhéanamh maidir leis an mbealach chun cinn.

## Céatadán den Phobal

Níl ach beagán le cois 0.7% den phobal i gcoitinne ina ndaoine den Lucht Siúil, méid arb ionann é agus beagáinín níos lú ná leath an lín daoine a bheadh i láthair i bPáirc an Chrócaigh ar lá chluiche ceannais na hÉireann.

## Fostaíocht

- Tá 80.2% den Lucht Siúil dífhostaithe.
- Tá seans 19 n-oiread níos mó ann go mbeidh duine den Lucht Siúil dífhostaithe ná duine sa phobal i gcoitinne.
- Ní dúirt ach duine amháin as deichniúr nach daoine den Lucht Siúil iad go bhfostóidís duine den Lucht Siúil.
- Tá seans 10 n-oiread níos mó ann go ndéanfar idirdhealú in aghaidh daoine den Lucht Siúil agus iad ag lorg oibre le hais daoine nach den Lucht Siúil iad.

## Ciníochas agus Idirdhealú

- I gcomparáid le daoine geala Éireannacha, tá seans 22 oiread níos mó ann go dtuairisceoidh daoine den Lucht Siúil go ndearnadh idirdhealú ina n-aghaidh maidir le seirbhísí príobháideacha.
- Thuairiscigh 56% de dhaoine den Lucht Siúil go ndearnadh idirdhealú ina n-aghaidh agus iad ag iarraidh cóiríocht a fháil.
- Dúirt 18.2% díobh siúd a ceistíodh don suirbhé go ndiúltóidís saoránacht Éireannach a thabhairt do dhaoine den Lucht Siúil.

## Oideachas

- Ní raibh ach oideachas bunscoile ar 57% de na buachaillí den Lucht Siúil i gcomparáid le 13% den chuid eile den phobal.
- Bhí oideachas ard-mheánscoile nó níos airde ar 13% de na cailíní den Lucht Siúil i gcomparáid le 69.1% den phobal i gcoitinne.
- Níl aon oideachas foirmiúil ar an gceathrú cuid de dhaoine den Lucht Siúil atá in aois oibre.
- Bhí an scoil fágtha ag 55% de dhaoine den Lucht Taistil ina n-iomláine faoin am a raibh siad 15 bliana d'aois.
- Tá seans 50 oiread níos mó ann go bhfágfaidh daoine den Lucht Siúil an scoil gan an Ardteistiméireacht.
- Tá níos lú ná 1% de dhaoine den Lucht Siúil i mbun Ardoideachais. Tá cáilíocht tríú leibhéal ag 167 duine den Lucht Siúil.

## Cóiríocht agus Easpa Dídine

- Maireann 12% de dhaoine den Lucht Siúil i gcarbhán nó i dteach soghluaiste.
- Is le 20% de dhaoine den Lucht Siúil a dteach féin i gcomparáid le 67.6% den phobal i gcoitinne.
- Is daoine den lucht siúil iad 25% de na leanaí gan dídean atá i gcóiríocht éigeandála lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.
- Is daoine den Lucht Siúil iad 13% de na daoine fásta atá i lóistín éigeandála lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.
- Níl rochtain idirlín ach ag 24% de dhaoine den Lucht Siúil i gcomparáid le 82% den phobal i gcoitinne.

**Foinse:** https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/32/seanad_public_consultation_committee/reports/2020/2020-01-23_report-on-travellers-towards-a-more-equitable-ireland-post-recognition_en.pdf (Curtha in oiriúint)

**Ceist 2**

**(a)** De réir Dhoiciméad A, conas a rinne an Seanadóir Eileen Flynn éacht nach ndearnadh ariamh?

**(b)** De réir Dhoiciméad B, cén céatadán de dhaonra na hÉireann ar daoine den Lucht Siúil iad?

**(c)** De réir Dhoiciméad A, cén fáth a raibh sé deacair ar an Seanadóir Eileen Flynn a cuid mianta a bhaint amach?

**(d)** De réir Dhoiciméad A, cén toradh a bheadh ann dá ndéanfaí an Bille um Chultúr agus Stair an Lucht Siúil san Oideachas a rith?

**(e)** De réir Dhoiciméad B, tá seans 50 oiread níos mó ann go bhfágfaidh daoine den Lucht Siúil an scoil gan an Ardteistiméireacht a bhaint amach. Tabhair **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith leis sin, dar leat.

**Ceist 3**

**(a)** Tabhair **dhá** chúis a bhfuil insint scéalta pearsanta cosúil leis an agallamh leis an Seanadóir Eileen Flynn i nDoiciméad A bailí mar mhodh taighde.

**(b)** Déan cur síos ar theorainn **amháin** a bhaineann le hagallaimh mar mhodh taighde.

**(c)** An bhfuil Doiciméad B iontaofa mar fhoinse sonraí? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

**(d)** Roghnaigh **dhá** phíosa thábhachtacha eolais as Doiciméad A, agus déan cur síos ar an gcaoi a nascann siad leis na sonraí a chuirtear i láthair i nDoiciméad B.

**(e)** Is sleachta a baineadh as doiciméid níos mó iad Doiciméad A agus Doiciméad B. Ainmnigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le sleachta mar sin a úsáid.

**Ceist 4**

**(a)** Déan cur síos ar thionscadal saoránachta a d'fheadfá a dhéanamh bunaithe ar imeacht a eagrú chun cultúr agus stair an Lucht Siúil a chur chun cinn.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** I nDoiciméad B, úsáidtear an téarma "Éireannaigh gheala" i staitistic a bhaineann le ciníochas agus idirdhealú. Cén fáth a n-úsáideann an t-údar an téarma sin?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(c)** Mínigh cad atá i gceist aici nuair a deir an Seanadóir Eileen Flynn 'nuair is bean thú cuireann an tsochaí ciseal breise leatroim anuas ort'.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Ag baint úsáid as an eolas sa dá dhoiciméad, cén chonclúid is féidir leat a bhaint as maidir leis an neamhionannas i sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 100 marc |
|---|---|---|


Freagair **dhá** cinn ar bith as ceisteanna 5, 6, 7, 8, 9 agus 10. Freagair sna spásanna a chuirtear ar fáil.

**Ceist 5** **50 marc**

Pléigh cumhacht/freagracht na ndaoine a oibríonn sna meáin.

Féadfaidh tú na frásaí seo a leanas a úsáid i d'aiste:

- Ag cruthú nó ag tuairisciú na nuachta;
- Ardáin éagsúla (traidisiúnta, nua agus na meáin shóisialta);
- Daoine a chur ag gníomhú ar bhealach nach ngníomhóidís de ghnáth; an cumas tuairimí a mhúnlú;
- Bréagnuacht/claontacht/tuairim;
- Bréagaisnéis/mífhaisnéis;
- Corparáidí nuachta; rialú; úinéireacht;
- Smaointeoir tábhachtach e.g. Noam Chomsky.




https://timesofmalta.com/articles/view/why-worry-about-the-media

**Ceist 6** **50 marc**

Ainmnigh agus mínigh sampla de leatrom ciníoch. Déan cur síos ar ghníomh sonrach a d'fhéadfadh daoine óga a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an gceist sin.

Féadfaidh tú tarraingt ar na focail seo a leanas i d'aiste.



## Ceist 7 **50 marc**



www.creativereview.co.uk/cop26-identity/

Tá leibhéil an truaillithe agus leibhéal na ngás ceaptha teasa tar éis titim mar gheall ar an stop a cuireadh leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch de thoradh na paindéime domhanda.


Cé na straitéisí is féidir a úsáid lena chinntiú nach bhfilleann an domhan ar na leibhéil a bhí ann roimhe seo?

I do fhreagra, féadfaidh tú díriú ar **cheann amháin nó níos mó** díobh seo a leanas: daoine aonair; pobail; tionscail; rialtais.

Seans go mbeifeá ábalta tarraingt ar na híomhánna thíos i d'aiste.



www.cgbusinessconsulting.com/beyond-recycling-twelve-ways-to-reduce-your-carbon-footprint/






## Ceist 8 **50 marc**



An bhfuil an domhan níos fearr de bharr an domhandaithe?

Seans go mbeifeá ábalta tarraingt ar na híomhánna thíos i d'aiste.
Féadfaidh tú tagairt a dhéanamh do smaointeoir tábhachtach chun tacú le do fhreagra.




https://quizlet.com/gb/214249328/edexcel-as-geography-globalisation-and-regeneration-notes-flash-cards/
https://www.aa.com.tr/en/analysis/opinion-globalization-at-a-crossroads-with-covid-19/1829669
https://www.keatingeconomics.com/is-globalisation-what-its-cracked-up-to-be/

**Ceist 9** **50 marc**

Pléigh na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann le comhrialtas.
Féadfaidh tú na focail seo a leanas a úsáid i d'aiste.

- Rialtas mionlaigh
- Sainordú comhroinnte
- Ionadaíocht
- Comhghuaillíochtaí
- Comhghéilleadh/ cinnteoireacht
- Comhroinnt cumhachta
- Freasúra
- Ceannaireacht
- Inscne

**Ceist 10** **50 marc**

Bíonn ról tábhachtach ag na cúinsí ina maireann daoine óga, amhail a gcuid **saibhris, a n-inscne, a n-eitneacht** agus **an áit ina bhfuil cónaí orthu**, maidir leis na deiseanna oideachais agus saoil a bheidh acu a mhúnlú.


An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an ráiteas sin? Mínigh do fhreagra.

Féadfaidh tú na habairtí agus na híomhánna seo a leanas a úsáid i do fhreagra.

- Teicneolaíocht san oideachas
- Bochtaineacht
- Polasaí an Rialtais
- Tíortha forbartha/i mbéal forbartha
- Smaointeoir tábhachtach e.g. Kathleen Lynch.



www.pinterest.ie/pin/776941373207647213/?d=t&mt=login




https://sdgs.un.org/goals/goal4

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás roghnach chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás roghnach chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú.**

| Freagra |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás roghnach chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú.**

**Freagra**

**Leathanach breise roghnach.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

**Leathanach breise roghnach.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

D’fhéadfadh sé go ndearnadh ábhar a chur in oiriúint, le haghaidh measúnaithe, gan toiliú an údair a fháil roimh ré.

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

An Ardteistiméireacht – Gnáthleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Máirt 29 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:00